16/11/30

In Memoriam

# Antoine Ó Doċartaiġ

A ḟaoġal gur ċaiṫ le dúṫraċt cléiḃ
I gcionn an ṗinn ó aois go h-éag;
An léiġeann ba dual i gCríoċaiḃ Néill
Gur ḃeoḋaiġ arís is le díoġrais spréiḋ.

IS mór an truim atá dá cur indiu ag a lán daoine i mbéaloideas na hÉireann. Is maiṫ an ċoṁarṫa é go dtuigtear i saoġal na h-aimsire seo a tairḃe do náisiúntaċt agus do léiġeann Gaeḋealaċ na tíre.

Ní mar sin a ḃí an scéal i gcoṁnuiḋe sa tír seo. Ḃí tráṫ ann agus ḃí neaṁ-ṡuim dá cur sa ḃéaloideas agus ba ḃeag naċ raḃ sé caillte ar fad againn.



Cé gur ṫuig duine mar Ṫomás Daibéas tairḃe an oidis sin le n-a linn, níor ċuir na daoine a ḃí ag stiúraḋ ċúrsaí oideaċais na hÉireann suim dá laiġeaḋ sa scéal agus níor smaointiġ an pobal ariaṁ gurḃ' ḟiú an béaloideas sin a ṡábáil i n-áit ar biṫ dár ṁair sé.

D'ainneoin an tsaoṫair a rinne scoláirí mar Ṡeán Ó Donnabáin agus Eoġan Ó Comraiḋe tá céad bliaḋain ó ṡoin ḃí an béaloideas dá ċailleaḋ do réir a ċéile gaċ áit a raḃ an Ġaeḋilg ag meaṫ agus ag faġáil báis. Nuair ṫoisiġ Connraḋ na Gaeḋilge ar a ċuid oibre tá dá ḟiċid bliaḋain ó ṡoin ann níor tuigeaḋ i gceart a luaċṁaire is ḃí an béaloideas sin a ḃí fiġte fuaiġte le teangaiḋ binn-ḟoġaraiġ na hÉireann.

## Ċun Toraiġ.

Ar na ċéad daoine a raḃ baint aca leis an Ċonnraḋ agus a ṫuig tairḃe an ḃéiloidis don náisiún ḃí maiġistir scoile ar Oileán na Cruite i Rosaiḃ Ṫír Ċonaill. Antoine Ó Doċartaiġ a ċuaiḋ ar ṡluaġ na ḟírinne ar na moillíḃ an maiġistir scoile sin. Nuair naċ raḃ ann aċ garsúr beag boideaċ ċulaiḋ sé ó n-a aṫair agus ó n-a ṁáṫair cuid mór sean-scéalta breaġṫa, sean-ḟocla, sean-aḃráin, paidreaċa agus dánta diaḋa a ṁair go buan ina ċuiṁne. Ḃí an oiġriḋeaċt seo uilig mar ḋuḃ-ṡrait aige gur spreag é leis an ór-ċiste sin a ċur i dtaisciḋ do gaċ glún don ċineaḋ Gaeḋeal a ṫiocfaḋ ina ḋiaiḋ.

## A Ṡaoṫar.

Is áḋaṁail go dearḃṫa d'Éirinn indiu go ḃfuil saoṫar an Doċartaiġ le faġáil ins na sean-ṗáipéir nuaiḋeaċta a cuireaḋ i gcló gaċ am le dá ḟiċid bliaḋain. An t-eolas a ḃí aige agus an seanċus suimeaṁail a ċruinniġ sé ó na sean-daoine cuireaḋ i gcló an ṁór-ċuid de ar ṗáipéir i nDoire Ċoluim Cille agus ṫall i Nua Eaḃraċ nuair naċ raḃ meas ag mórán ar ṡaoṫar dá leiṫéid. Scríoḃ sé síos moll mór dánta diaḋa agus paidreaċa breaġṫa ó ḃéalaiṫris a ṁáṫara agus tá sin ar an ḃéaloideas is luaċṁaire dá ḃfuil ag Gaeḋil.

Níor cuireaḋ iomlán dár ċruinniġ Antoine Ó Doċartaiġ i gcló go fóill agus is mór an truaiġe naċ gcuirfiḋe i gcló é mar ṁaiṫe leis an Ġaeḋilg. Tá aḋḃar cúpla leaḃar fágṫa ina ḋiaiḋ aige a ċuirfeaḋ feaḃas agus bláṫ ar teangaiḋ na Gaeḋilge agus a ḃéaḋ mar ḋeaġ-ṡompla den teangaiḋ liteartḋa is riaċtanaċ do ḟás litriḋeaċta na nua-Ġaeḋilge.

EOIN Ó SEARCAIĠ.


# hfully firm ielding

every 4½d. tablet of

Palmolive soap


IS your skin soft, smooth, youthfully firm yet yielding? Touch it and see! For the charm you desire—your charm for others, is in a youthful skin.

This charm *can* be yours, so say more than 20,000 beauty experts. Time after time they have seen youthful firmness restored, skin become soft, smooth—again enticing.

**Rely on olive oil**

Olive oil is the great youth-giving cosmetic. It soothes, smooths and softens skin. How to use it? Beauty experts answer—in soap—in Palmolive—the *one* great soap based on olive oil. Use it diligently, faithfully, on face, on the whole body. Rub its rich, youth-giving lather well into the skin.

Your reward will be the skin of youth. Palmolive will give you the charm, the freshness — that *something* which *makes—keeps* your complexion young and beautiful.




4½d
PER TABLET